Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11767/26**

**AGRILEG 186**
**VETER 118**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D115107/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VI agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis an liosta de na Ballstáit atá údaraithe le seachtháirgí ainmhithe áirithe a úsáid chun speicis áirithe éan neicreafagach a bheathú, agus a mhéid a bhaineann le diúscairt, úsáid agus marcáil breoslaí in-athnuaite áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D115107/2.

---

Faoi iamh : D115107/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/1100/2025 Rev. 1
(POOL/G2/2025/1100/1100R1-EN.docx) D115107/02
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VI agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis an liosta de na Ballstáit atá údaraithe le seachtháirgí ainmhithe áirithe a úsáid chun speicis áirithe éan neicreafagach a bheathú, agus a mhéid a bhaineann le diúscairt, úsáid agus marcáil breoslaí in-athnuaite áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VI agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis an liosta de na Ballstáit atá údaraithe le seachtháirgí ainmhithe áirithe a úsáid chun speicis áirithe éan neicreafagach a bheathú, agus a mhéid a bhaineann le diúscairt, úsáid agus marcáil breoslaí in-athnuaite áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe)[1], agus go háirithe Airteagal 18(3), an chéad fhomhír, pointe (b)(i), agus Airteagal 21(6) an chéad fhomhír, pointí (c) agus (d), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 leagtar síos rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a bhailiú, a úsáid agus a dhiúscairt, lena n-áirítear rialacha maidir le hábhar Chatagóir 1 a thabhairt mar bheatha do speicis éan neicreafagach atá i mbaol nó atá cosanta a mhaireann ina ngnáthóg nádúrtha, agus rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe a lipéadú.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún[2], leagtar síos bearta cur chun feidhme i ndáil le rialacha is infheidhme maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, lena n-áirítear rialacha speisialta maidir le beathú ainmhithe agus rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe a bhailiú, a iompar agus a rianú.

(3) I gCaibidil IV, Roinn 3, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, leagtar síos rialacha maidir le táirgí díorthaithe a dhiúscairt agus a úsáid. Tugadh isteach modhanna próiseála malartacha nua chun breoslaí in-athnuaite a tháirgeadh le Rialachán (AE) 2025/1377 ón gCoimisiún[3] i gCaibidil IV, Roinn 2, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, i ndáil le bithdhíosal

---

[1] IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/142/oj).

[3] Rialachán (AE) 2025/1377 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2025 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a chur ar an margadh agus allmhairí díobh (IO L, 2025/1377, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1377/oj).

a tháirgeadh ó shaillte próiseáilte agus leáite ó ábhair Chatagóir 1, Chatagóir 2 agus Chatagóir 3. Mar sin féin, ní chuimsítear na modhanna nua sin go fóill i gCaibidil IV, Roinn 3, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le diúscairt agus úsáid údaraithe táirgí díorthaithe áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart Caibidil IV, Roinn 3, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú chun go gcuimseofaí inti na táirgí a eascraíonn as na modhanna próiseála malartacha a tugadh isteach le déanaí chun breoslaí in-athnuaite a tháirgeadh, faoi raon feidhme na bhforálacha maidir le diúscairt agus úsáid údaraithe.

(4) I gcomhréir leis na rialacha maidir le críocha beathaithe speisialta a leagtar síos in Airteagal 18(2), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus de mhaolú ar Airteagal 12 de, féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt le hábhar Chatagóir 1 a thabhairt mar bheatha (e.g.: stoc a fuair bás) do speicis éan neicreafagach atá i mbaol nó atá cosanta agus do speicis eile a mhaireann ina ngnáthóg nádúrtha, d'fhonn an bhithéagsúlacht a chur chun cinn.

(5) Le Caibidil II, Roinn 2, pointe 1(a)(i) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, leagtar síos an liosta de na Ballstáit inar féidir ábhar Chatagóir 1 a thabhairt mar bheatha do speicis éan neicreafagach atá i mbaol agus atá cosanta, chomh maith leis na speicis éan neicreafagach ar féidir ábhar Chatagóir 1 a thabhairt mar bheatha dóibh. Fuair an Coimisiún iarraidh fhoirmiúil ón Rómáin chun an tír sin í féin a chur leis an liosta sin de na Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir sin.

(6) Foráiltear le Caibidil V, pointe 1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 go bhfuil táirgí díorthaithe áirithe de Chatagóir 1 agus de Chatagóir 2 le marcáil le 'gliocróltríheaptánóáit (GTH)' chun láithreacht táirgí díorthaithe Chatagóir 1 agus Chatagóir 2 a shainaithint i mbeatha d'ainmhithe feirmshaothraithe. Táirgí deiridh na modhanna próiseála malartacha a tugadh isteach le déanaí chun breoslaí in-athnuaite a tháirgeadh, ba cheart iad a eisiamh ón oibleagáid mharcála sin a mhéid a úsáidtear na táirgí sin le haghaidh innill dócháin inmheánaigh, ós rud é nach féidir na táirgí sin a úsáid mar bheatha. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú chun bithdhíosal den sórt sin a tháirgtear ó shaillte próiseáilte agus leáite ó ábhair Chatagóir 1, Chatagóir 2 agus Chatagóir 3 a eisiamh ón oibleagáid sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní IV, VI agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní IV, VI agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*